AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 3.9.2024
COM(2024) 390 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

ar na ‘Gealltanais maidir le Muinín as Staidreamh’ a dhéanann Ballstáit mar a cheanglaítear le Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

ar na 'Gealltanais maidir le Muinín as Staidreamh' a dhéanann Ballstáit mar a cheanglaítear le Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009

1. RÉAMHRÁ

1.1. Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 maidir le staidreamh Eorpach

Is é seo an ceathrú tuarascáil arna tarraingt suas ag an gCoimisiún i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 maidir le staidreamh Eorpach[1], agus go háirithe le hAirteagal 11(4) lena leagtar amach an méid seo a leanas:

'Maidir leis na Gealltanais ag na Ballstáit, déanfaidh an Coimisiún faireachán go rialta orthu ar bhonn tuarascálacha bliantúla a sheolfaidh na Ballstáit agus tabharfar cothrom le dáta iad de réir mar is gá.

...

Faoin 9 Meitheamh 2018 agus gach 2 bhliain ina dhiaidh sin, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir leis na Gealltanais arna bhfoilsiú agus, i gcás inarb iomchuí, tuarascálacha ar dhul chun cinn.'

Foilsíodh an chéad tuarascáil in 2018[2], an dara tuarascáil in 2020[3] agus an tríú tuarascáil in 2022[4].

Gealltanas maidir le Muinín as Staidreamh

Bunaíodh na Gealltanais maidir le Muinín as Staidreamh (na 'Gealltanais') mar chuid den chuspóir chun an creat le haghaidh bainistiú cáilíochta i réimse an staidrimh a neartú. Cuireadh i láthair iad den chéad uair i dTeachtaireacht ón gCoimisiún in 2011[5]. Is sásra é an coincheap chun rialtais a dhéanamh rannpháirteach an t-am ar fad chun freagracht a ghlacadh as leibhéal comhlíonta a dtíre leis an gCód Cleachtais don Staidreamh Eorpach ('an Cód')[6].

Leis an gCód Cleachtais, cruthaíodh an tagarmharc chun staidreamh Eorpach a fhorbairt, a tháirgeadh agus a scaipeadh. Cuimsíonn sé 16 phrionsabal lena gcumhdaítear an creat institiúideach, próisis staidrimh agus aschur. Is é is príomhchuspóir dó a áirithiú nach amháin go bhfreagraíonn an staidreamh a tháirgtear laistigh den Chóras Staidrimh Eorpach do chritéir cháilíochta, ar féidir ábharthacht, tráthúlacht agus cruinneas a lua leo, i measc nithe eile, ach go gcomhlíonann sé freisin prionsabail an neamhspleáchais ghairmiúil, na neamhchlaontachta agus na hoibiachtúlachta.

Is nasc tábhachtach iad na Gealltanais idir an Cód Cleachtais agus rialtais na mBallstát.

---

[1] Rialachán (CE) Uimh 223/2009 maidir le staidreamh Eorpach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1101/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tarchur sonraí atá faoi réir rúndachta staidrimh chuig Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach, Rialachán (CE) Uimh. 322/97 ón gComhairle maidir le Staidreamh Comhphobail, agus Cinneadh 89/382/CEE, Euratom ón gComhairle lena mbunaítear Coiste um Chláir Staidrimh na gComhphobal Eorpach (IO L 87, 31.3.2009, lch. 164).

[2] COM(2018) 516 final.

[3] COM/2020/278 final.

[4] COM/2022/333 final.

[5] COM (2011) 211 final.

[6] Cód Cleachtais don Staidreamh Eorpach – eagrán athbhreithnithe 2017 - Catalóga Táirgí - Eurostat (europa.eu).

De réir Airteagal 11(3) de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009, is ionstraimí iad na Gealltanais a dhíreoidh '*a thuilleadh ar a áirithiú go mbeidh muinín ag an bpobal as an Staidreamh Eorpach agus díreofar ar an dul chun cinn i gcur chun feidhme phrionsabail an staidrimh atá sa Chód Cleachtais.'*

Luaitear in Aithris 17 den Rialachán leasaitheach (AE) Uimh. 2015/759[7], '*go bhfhéadfaí cáilíocht an Staidrimh Eorpaigh a neartú agus muinín na n-úsáideoirí a threisiú, trí fhreagracht a chur ar na rialtais náisiúnta as an gCód Cleachtais don Staidreamh Eorpach (an Cód Cleachtais) a chur i bhfeidhm. Chuige sin, ba cheart go n-áireofaí in 'Gealltanas maidir le Muinín as Staidreamh' (Gealltanas) ag Ballstát, agus sainiúlachtaí náisiúnta á gcur san áireamh, gealltanais shonracha ó rialtas an Bhallstáit sin na coinníollacha maidir le cur chun feidhme an Chóid Cleachtais a fheabhsú nó a choinneáil ar bun. D'fhéadfaí a chur san áireamh sa Ghealltanas, ar cheart é a thabhairt cothrom le dáta de réir mar is gá, creataí náisiúnta dearbhaithe ardcháilíochta, lena n-áirítear féinmheasúnuithe, gníomhaíochtaí feabhsaithe agus sásraí faireacháin.'*

Athbhreithnithe piaraí ar an gCóras Staidrimh Eorpach (CSE)

Is é is aidhm don Chóras Staidrimh Eorpach (CSE), ina gcomhoibríonn Eurostat agus údaráis staidrimh náisiúnta Bhallstáit an Aontais agus thíortha CSTE, staidreamh Eorpach ardcháilíochta a tháirgeadh. Chun staidreamh ar ardcháilíocht a ráthú, chruthaigh comhaltaí CSE creat coiteann cáilíochta a bhfuil an Cód Cleachtais mar bhunchloch aige. Tá ról tábhachtach ag comhlíonadh shraith iomlán phrionsabail agus tháscairí an Chóid Chleachtais ag údaráis staidrimh náisiúnta chun cáilíocht an Staidrimh Eorpaigh a áirithiú. Déantar measúnú go tréimhsiúil ar an gcomhlíontacht seo trí athbhreithnithe piaraí CSE.

Leanann athbhreithnithe piaraí CSE modheolaíocht mhionsonraithe agus is éard atá i gceist léi féinmheasúnuithe fianaisebhunaithe, cuairteanna ar thíortha agus tuarascálacha athbhreithnithe piaraí arna dtarraingt suas ag foirne saineolaithe. Áirítear sna tuarascálacha moltaí le haghaidh feabhsaithe , agus déantar obair leantach trí phleananna gníomhaíochta le haghaidh feabhsaithe a ndéanann Eurostat faireachán bliantúil orthu. Rinneadh athbhreithnithe piaraí roimhe seo idir 2006 agus 2008, agus idir 2013 agus 2015. Tugadh an tríú babhta d'athbhreithnithe piaraí, lena gcumhdaítear an tréimhse 2021 go 2023, chun críche agus chuir an Coimisiún a thorthaí i láthair i dtuarascáil chríochnaitheach[8]. Is féidir teacht ar na tuarascálacha athbhreithnithe piaraí aonair ar shuíomh gréasáin Eurostat[9].

Chuige sin, tá ról comhlántach ag na Gealltanais a bhaineann le rialtais maidir le hathbhreithnithe piaraí CSE lena mbaineann údaráis staidrimh náisiúnta.

2. FORLÉARGAS AR NA GEALLTANAIS MAIDIR LE MUINÍN AGUS TUARASCÁLACHA Ó NA BALLSTÁIT

2.1. Forálacha Ginearálta

De réir Airteagal 11 den Rialachán (CE) Uimh. 223/2009, ní mór do na Ballstáit agus don Choimisiún gach beart is gá a dhéanamh chun muinín as staidreamh Eorpach a choinneáil ar bun. Chuige sin, le 'Gealltanais maidir le Muinín as Staidreamh' díreofar a thuilleadh ar

[7] Rialachán (AE) 2015/759 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 maidir le staidreamh Eorpach (IO L 123,19.5.2015, lch. 90).
[8] Clár Dhoiciméid an Choimisiúin - SWD(2024)136 (europa.eu).
[9] An babhta reatha (2021-2023) - Eurostat (europa.eu).

mhuinín an phobail as Staidreamh Eorpach a áirithiú. In éagmais foilsiú Gealltanais, ceanglaítear ar Bhallstát tuarascáil ar dhul chun cinn maidir le cur chun feidhme an Chóid Chleachtais a chur faoi bhráid an Choimisiúin agus a chur ar fáil don phobal, chomh maith le tuarascáil ar na hiarrachtaí atá á ndéanamh i leith Gealltanas a bhunú, i gcás inarb infheidhme.

Faoin 9 Meitheamh 2018 agus gach 2 bhliain ina dhiaidh sin, ceanglaítear ar an gCoimisiún tuarascáil maidir leis na Gealltanais arna bhfoilsiú agus, i gcás inarb iomchuí, tuarascálacha ar dhul chun cinn, a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

2.2. Foirm an Ghealltanais

Ní leagtar amach sa Rialachán rialacha maidir leis an bhfoirm ba cheart a bheith ag an nGealltanas. Mar sin féin, ní mór an cuspóir maidir le muinín an phobail a mhéadú trí bhíthin gealltanas rialtais chun na coinníollacha a sholáthar le haghaidh staidreamh ardcháilíochta a bhaint amach.

Mar a cuireadh i láthair sa chéad tuarascáil[10], measann formhór na mBallstát gur Gealltanas atá i gcodanna áirithe dá reachtaíocht faoi seach. Mar sin féin, thar na blianta, tá méadú tagtha ar líon na mBallstát a bhfuil Gealltanais 'aonair' tarraingthe suas acu. Cuirtear i láthair sa tuarascáil seo forléargas ginearálta ar an staid reatha, lena n-áirítear cásanna a cumhdaíodh i dtuarascálacha roimhe seo agus forbairtí nua.

Tá an tuarascáil bunaithe ar rannchuidithe náisiúnta a fuarthas chun críoch na tuarascála seo agus orthu sin amháin. D'iarr Eurostat ar na Ballstáit tuairisciú faoin tréimhse idir an 1 Eanáir 2022 agus an 31 Nollaig 2023.

Dlíthe náisiúnta atá ina nGealltanas

Thagair na Ballstáit sin a mheasann gur Gealltanas atá i gcodanna áirithe dá reachtaíocht náisiúnta do na forálacha dlíthiúla atá ábhartha chun na coinníollacha maidir le cur chun feidhme an Chóid a fheabhsú nó a choinneáil ar bun agus thuairiscigh siad forbairtí ábhartha.

An Ostair: Measann Staidreamh an Ostair gur Gealltanas atá ina dlí náisiúnta, go sonrach an tAcht Cónaidhme Staidrimh. Thuairiscigh an Ostair nach ndearnadh aon mhórathruithe ón dtréimhse thuairiscithe roimhe sin.

An Chróit: Mar a luadh freisin sa tuarascáil a sheol Biúró Staidrimh na Cróite chuig Eurostat, déantar foráil leis an Acht Staidrimh Oifigiúil a tháinig i bhfeidhm in 2020 maidir le bunús dlí don Ghealltanas tríd an neamhspleáchas gairmiúil agus tacaíocht a thabhairt don institiúid staidrimh náisiúnta, Biúró Staidrimh na Cróite, chun na coinníollacha maidir le cur chun feidhme an Chóid Cleachtais a choinneáil ar bun agus a fheabhsú. Tá freagracht fhoriomlán ar Bhiúró Staidrimh na Cróite as an gcóras staidrimh náisiúnta a chomhordú agus a fhorbairt. Tá táirgeoirí eile staidrimh oifigiúil freagrach as staidreamh oifigiúil a fhorbairt, a tháirgeadh agus a scaipeadh mar chuid dá gcuid oibre. Féachann Biúró Staidrimh na Cróite le sonraí staidrimh tráthúla a chur ar fáil a fhreastalóidh ar riachtanais na n-úsáideoirí. Chun é sin a bhaint amach, rinne Biúró Staidrimh na Cróite an Suirbhé ar Shástacht Úsáideoirí ag deireadh 2022. Baintear úsáid as torthaí an tsuirbhé chun cuidiú le gníomhaíochtaí Bhiúró Staidrimh na Cróite a phleanáil amach anseo.

An tSeicia: Foilsíodh an Gealltanas sa tSeicia[11] an 28 Feabhra 2018 ar shuíomh gréasáin an

[10] COM(2018) 516 final.
[11] Achoimre ar reachtaíocht na Seice i gcomhthéacs an Ghealltanais maidir le Muinín ar shuíomh gréasáin Oifig Staidrimh na Seice.

údaráis staidrimh náisiúnta. Déantar achoimre sa Ghealltanas ar fhorálacha Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 faoi seach, agus luaitear ann, mar a dearbhaíodh sa tuarascáil a sheol Oifig Staidrimh na Seice chuig Eurostat, go bhfuil sé comhlíonta cheana féin trí reachtaíocht bhailí ina leagtar amach gníomhaíochtaí sheirbhís staidrimh na Seice. Tagraíonn sé ar dtús d'ghníomh Uimh 89/1995 maidir le seirbhís staidrimh an stáit, chomh maith leis an mBunreacht nó rialacha nós imeachta an rialtais. Soláthraítear leis an gcóras rialacháin seo na coinníollacha is gá chun prionsabail uile Chód Cleachtais an Staidrimh Eorpaigh maidir leis an timpeallacht institiúideach a chomhlíonadh. Thug Oifig Staidrimh na Seice tuairisc ar fhorbairtí breise lena n-áirítear feabhsuithe ar bhainistiú cáilíochta.

An Ghearmáin: Meastar gur Gealltanas atá ina dlí naisiúnta. Mar a luadh in Oifig Staidrimh Cónaidhme na Gearmáine ina tuarascáil chuig Eurostat, tá leibhéal maith comhlíontachta ag an nGearmáin leis an gCód Cleachtais, arna dheimhniú freisin sa tuarascáil athbhreithnithe piaraí. Ag an am céanna, sainaithníodh san athbhreithniú piaraí réimsí a bhféadfaí feabhas a chur orthu agus moladh bearta iomchuí sa tuarascáil. Cumhdaítear leis na gníomhaíochtaí is tábhachtaí comhar agus comhordú laistigh de chóras staidrimh na Gearmáine, lena dtugtar isteach caighdeáin cháilíochta aonfhoirmeacha, pleanáil clár agus nuálaíocht. Ina theannta sin, leagtar béim sa tuarascáil a seoladh chuig Eurostat go bhfuil dul chun cinn maith ag baint le comhpháirteanna nua a bhaineann leis an gclár a chur le réimsí gnó Oifig Staidrimh Cónaidhme na Gearmáine.

An Eastóin: Tá an Gealltanas leagtha síos san Acht Staidrimh Oifigiúil, go sonrach in Airteagal 7(1), ar dá réir a dhéantar staidreamh oifigiúil a tháirgeadh i gcomhréir le prionsabail staidrimh agus critéir cháilíochta a áirítear i Rialachán (CE) Uimh 223/2009. Tháinig an tAcht Staidrimh Oifigiúil i bhfeidhm i mí Lúnasa 2010 agus deimhníodh sa tuarascáil a seoladh chuig Eurostat nach ndearnadh aon mhórleasú ó shin i leith.

An Fhionlainn: Tá Gealltanas na Fionlainne maidir le Muinín bunaithe ar reachtaíocht staidrimh náisiúnta. Leagtar béim sa tuarascáil a seoladh chuig Eurostat maidir leis an tréimhse thuairiscithe reatha gur leasaíodh Acht Staidrimh na Fionlainne le déanaí. Áiríodh i gceann de na leasuithe seo cúram nua a shannadh do Staidreamh na Fionlainne, eadhon micreashonraí a bhailiú agus a sholáthar chun críoch taighde agus anailíse staidrimh. Déanann an tAcht athbhreithnithe freisin na rialacha a bhfuil feidhm acu a shoiléiriú nuair a thugtar rochtain ar shonraí le haghaidh taighde agus anailíse.

An Fhrainc: De réir Institiúid Staidrimh Náisiúnta na Fraince, déantar faireachán i dTuarascáil Bhliantúil an Údaráis Staidrimh Oifigiúil[12] ar chomhlíonadh an Chóid Chleachtais agus cuirtear ar fáil don phobal í sna leaganacha Fraincise agus Béarla araon. Ní thagraítear sa tuarascáil a seoladh chuig Eurostat d'aon Ghealltanas aonair ó rialtas na Fraince.

An Ungáir: Mar a luadh freisin sa tuarascáil a seoladh chuig Eurostat maidir leis an tréimhse thuairiscithe reatha, leagadh síos na Gealltanais a chuir rialtas na hUngáire le chéile sa dlí náisiúnta maidir le staidreamh a tháinig i bhfeidhm an 1 Eanáir 2017. Ní dhearnadh aon mhórleasú ó shin i leith.

An Iodáil: Níl aon Ghealltanas aonair bunaithe san Iodáil. Thuairiscigh Institiúid Náisiúnta Staidrimh na hIodáile faoi na forbairtí is déanaí i gcur i bhfeidhm phrionsabail an Chóid Cleachtais. D'fhormheas Institiúid Náisiúnta Staidrimh na hIodáile a beartas cáilíochta nua lena bhforáiltear do chomhlíontacht na bpróiseas traidisiúnta, amhail suirbhéanna, a mheas le

[12] Tuarascáil Bhliantúil an Údaráis Staidrimh Oifigiúil 2022

modheolaíochtaí agus cleachtais fhónta. Chuige sin, tugadh seicliosta isteach i bpróisis thraidisiúnta uile Institiúid Náisiúnta Staidrimh na hIodáile sa tréimhse idir Deireadh Fómhair 2022 agus Eanáir 2023. Fónann gach cuid den seicliosta chun laigí a shainaithint agus, dá bhrí sin, chun na gníomhaíochtaí feabhsaithe atá le cur chun feidhme a oiriúnú. Tá iniúchtaí sceidealta laistigh de thréimhse 3 bliana, ós rud é gur cheart seicliosta atá cothrom le dáta a chur le chéile gach 3 bliana.

An Laitvia: Bunaítear an Gealltanas sa dlí náisiúnta — an Dlí maidir le Staidreamh. Ní dhearnadh aon mhórathrú ar an dlí le linn na tréimhse tuairiscithe seo.

An Liotuáin: Bunaítear an Gealltanas sa dlí náisiúnta. Leagtar béim sa tuarascáil ar an tréimhse thuairiscithe reatha ar roinnt forbairtí a tharla le déanaí. An 1 Eanáir 2023, tháinig dlí nua maidir le staidreamh oifigiúil agus rialachas sonraí stáit i bhfeidhm, lena leathnaítear ról agus feidhmeanna Staidreamh na Liotuáine. De réir an dlí nua, is Gníomhaireacht Sonraí Stáit é Staidreamh na Liotuáine anois, agus ní hamháin go bhfuil sé freagrach as staidreamh oifigiúil a tháirgeadh ach go bhfuil sé freagrach as rialachas sonraí stáit freisin. Coinníonn an dlí nua an oibleagáid an Cód Cleachtais a chur chun feidhme agus staidreamh oifigiúil á ullmhú.

Lucsamburg: Mar a deimhníodh freisin sa tuarascáil a seoladh chuig Eurostat, measann Lucsamburg gur Gealltanas atá ina dhlí náisiúnta. Níl aon athrú ar an tuarascáil le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2022 go dtí an 31 Nollaig 2023.

An Ísiltír: Bunaítear an Gealltanas sa dlí náisiúnta. Níor tuairiscíodh aon mhórleasú ar an dlí náisiúnta. Ó rinneadh an t-athbhreithniú piaraí roimhe seo, rinneadh roinnt feabhsuithe, go háirithe na feabhsuithe sin a bhaineann leis an timpeallacht institiúideach a chobhsú agus le bainistiú agus dearbhú cáilíochta a neartú. Rinneadh tuilleadh athchóirithe i réimsí na n-acmhainní daonna agus an tomhais feidhmíochta. Chuir Staidreamh na hÍsiltíre tús leis an obair ar na moltaí a d'eascair as an athbhreithniú piaraí is déanaí.

An Iorua: Leagtar amach an gealltanas maidir leis na prionsabail sa Chód Cleachtais in Acht Staidrimh na hIorua, a tháinig i bhfeidhm i mí Eanáir 2021. Foilsíodh an chéad dá thuarascáil maidir le comhlíonadh na bprionsabal cáilíochta san Acht Staidrimh agus sa Chód Cleachtais ar shuíomh gréasáin Staidreamh na hIorua[13]. Luaitear sa tuarascáil a seoladh chuig Eurostat an plean gníomhaíochta le haghaidh feabhsaithe tar éis an athbhreithnithe piaraí ar chóras staidrimh na hIorua.

An Pholainn: Deimhníodh sa tuarascáil a sheol Staidreamh na Polainne chuig Eurostat go meastar gurb é an dlí náisiúnta, níos beaichte, Acht an 29 Meitheamh 1995 maidir le Staidreamh Oifigiúil, Gealltanas na Polainne. Ó rinneadh an tuairisciú deireanach, ní dhearnadh aon athbhreithniú ar fhorálacha san Acht maidir le Staidreamh Oifigiúil, a chuireann prionsabail an Chóid Chleachtais chun feidhme.

An Phortaingéil: Mar a luaitear freisin sa tuarascáil a seoladh chuig Eurostat, bunaítear an Gealltanas sa dlí náisiúnta, eadhon Dlí Foraithne Uimh. 136/2012. Tuigtear gurb é an Dlí Foraithne seo gealltanas polaitiúil rialtas na Portaingéile. Tá forálacha sa Dlí Foraithne chun, i measc nithe eile, na coinníollacha maidir le cur chun feidhme an Chóid Cleachtais a fheabhsú nó a choinneáil ar bun, agus chun an buiséad is gá agus na cumhachtaí chun na gníomhaíochtaí uile dá bhforáiltear faoin dlí a leithdháileadh.

[13] Tuarascáil ar cháilíocht an staidrimh oifigiúil, 2022 agus Tuarascáil ar cháilíocht an staidrimh oifigiúil, 2023.

An tSlóvaic: Deimhníodh sa tuarascáil a seoladh chuig Eurostat nár bunaíodh aon Ghealltanas aonair. Sa tréimhse thuairiscithe reatha maidir leis an gcóras staidrimh náisiúnta, glacadh roinnt doiciméad normatach, eagraíochtúil agus modheolaíochta agus cuireadh chun feidhme iad, mar chuid de chur chun feidhme an Chóid Cleachtais[14].

An Spáinn: Tugtar tuairisc sa tuarascáil a seoladh chuig Eurostat ar roinnt céimeanna a glacadh in 2022-2023 a bhain le cur chun feidhme feabhsaithe an Chóid Cleachtais. Leasaíodh an Dlí Staidrimh Poiblí, trína ndéantar an gealltanas maidir le comhlíonadh an Chóid Cleachtais a leathnú chuig táirgeadh staidrimh faoin bplean staidrimh náisiúnta, rud nach bhfuil teoranta don phlean staidrimh Eorpach. Aithníodh sa dlí céanna Institiúid Náisiúnta Staidrimh na Spáinne mar an t-údarás staidrimh náisiúnta.

Gealltanais 'aonair' maidir le Muinín

Tá na Gealltanais ‘aonair’ a cuireadh le chéile i bhfoirmeacha éagsúla, agus léiríonn gach ceann acu gnéithe sonracha an chórais staidrimh náisiúnta lena mbaineann.

Sna chéad 3 thuarascáil ón gCoimisiún ó 2018, 2020 agus 2022 maidir leis na Gealltanais, cuireadh Gealltanais ‘aonair’ na mBallstát seo a leanas i láthair.

An Bheilg: An 31 Bealtaine 2017, d’fhormheas an Coiste Comhairliúcháin Gealltanas na Beilge maidir le Muinín[15], ar a ndéantar ionadaíocht ar an rialtas cónaidhme agus ar rialtais na réigiún agus ar rialtais na bpobal, agus ina dhiaidh sin foilsíodh é ar shuíomhanna gréasáin institiúid staidrimh cónaidhme na Beilge agus na n-údarás staidrimh réigiúnach. Rinneadh dul chun cinn maidir le cur chun feidhme an Ghealltanais mar chuid de ghníomhaíochtaí feabhsaithe an tríú babhta d’athbhreithnithe piaraí, a rinneadh in 2022 agus 2023. Sa tuarascáil a seoladh chuig Eurostat, leagadh béim ar an méid a baineadh amach maidir le comhordú, comhar agus leordhóthanacht acmhainní. Ina theannta sin, forbraíodh straitéis scaipthe agus chumarsáide, a cuireadh in oiriúint d’úsáideoirí éagsúla.

An Bhulgáir: Ina tuarascáil a seoladh chuig Eurostat, dheimhnigh an Institiúid Staidrimh Náisiúnta a tuarascáil roimhe sin inar luadh gur shínigh rialtas na Bulgáire an Gealltanas an 8 Nollaig 2021[16]. Thug an rialtas gealltanais maidir leis an méid seo a leanas, i measc nithe eile: (i) dálaí iomchuí a chur ar fáil chun staidreamh a fhorbairt, a tháirgeadh agus a scaipeadh; (ii) cearta agus oibleagáidí Uachtarán na hInstitiúide Staidrimh Náisiúnta a ráthú; (iii) acmhainní leordhóthanacha a thabhairt chun cáilíocht an staidrimh oifigiúil a fheabhsú agus a choinneáil ar bun; agus (iv) rochtain ar fhoinsí sonraí riaracháin agus ar fhoinsí sonraí eile a áirithiú don Institiúid Staidrimh Náisiúnta.

An Chipir: D’fhormheas comhairle na n-airí an Gealltanas in 2018[17]. Foilsíodh an Gealltanas in éineacht le hachoimre saoránaigh. Míníodh sa tuarascáil a seoladh chuig Eurostat go bhfuil tagairtí sainráite sa Dlí Staidrimh Oifigiúil nua 2021 (Dlí Uimh. 25(I)/2021) do na prionsabail staidrimh (lena n-áirítear neamhspleáchas gairmiúil, neamhchlaontacht agus oibiachtúlacht), na critéir cháilíochta agus cur chun feidhme an Chóid Cleachtais chun muinín an phobail as staidreamh a áirithiú.

[14] Féach freisin na breithnithe ar na leasuithe ar an Acht um Inniúlachtaí lena leathnaítear cumhacht an Rialtais ceannairí comhlachtaí neamhspleácha áirithe a cheapadh agus a bhriseadh as a bpost, sa Chaibidil Tíre maidir le staid an smachta reachta sa tSlóvaic (SWD(2024) 825 an 24 Iúil 2024).

[15] Gealltanas maidir le Muinín rialtas na Beilgehttps://statbel.fgov.be/en/about-statbel/quality/commitment-confidence (ar fáil i mBéarla, i bhFraincis, i nGearmáinis agus in Ollainnis).

[16] Gealltanas maidir le Muinín rialtas na Bulgáire.

[17] Gealltanas maidir le Muinín rialtas na Cipire; Cinneadh uimh. 85.964 ó Chomhairle na nAirí.

An Ghréig: Shínigh Príomh-Aire na Gréige agus Comhalta den Choimisiún Eorpach atá freagrach as cánachas agus aontas custaim, iniúchóireacht agus frith-chalaois Gealltanas na Gréige[18] an 29 Feabhra 2012. Tá sé ar fáil ar shuíomh gréasáin an Údaráis Staidrimh Heilléanaigh. Mar a tuairiscíodh freisin, ní dhearnadh aon fhorbairt bhreise ó shin i leith. Tá an Gealltanas seo fós i bhfeidhm agus infheidhme.

An Íoslainn: Foilsíodh Gealltanas 'aonair' i mí na Samhna 2019[19]. Sa tuarascáil a sheol Staidreamh na hÍoslainne chuig Eurostat, cuireadh i dtábhacht gur cuireadh an téacs maidir leis an nGealltanas isteach i ndoiciméid an phlean buiséid 2020-2024 agus gur fhormheas an Pharlaimint é. Athdhearbhaítear leis an nGealltanas go bhfuil creidiúnacht staidrimh phoiblí ar cheann de na réamhriachtanais le haghaidh muinín as staidreamh eacnamaíoch agus sóisialta a úsáidtear le haghaidh ceapadh beartais agus chun measúnú a dhéanamh ar thionchar chinntí an rialtais ar bhealach neodrach. Athdhearbhaítear leis an nGealltanas neamhspleáchas gairmiúil agus an timpeallacht oibre is gá chun rialacha a fhorfheidhmiú chun a áirithiú gur féidir le Staidreamh na hÍoslainne tionscadail nua a chur chun feidhme, sonraí a bhailiú, agus staidreamh oifigiúil a phróiseáil agus a scaipeadh.

Éire: In 2017, ghlac rialtas na hÉireann an Gealltanas[20]. Lena linn sinn, d'athdhearbhaigh an rialtas a thiomantas don mhéid seo a leanas: (i) neamhspleáchas na Príomh-Oifige Staidrimh a dheimhniú; (ii) tacú leis an bPríomh-Oifig Staidrimh comhlíonadh an Chóid Chleachtais a áirithiú; agus (iii) cuidiú le Córas Staidrimh na hÉireann níos leithne a fhorbairt faoi threoir na Príomh-Oifige Staidrimh. Mar a luadh freisin sa tuarascáil a sheol an Phríomh-Oifig Staidrimh chuig Eurostat, is ionann an Gealltanas a d'fhormheas an rialtas agus dearbhú tacaíochta breise do na dlíthe atá ann cheana agus do na beartais agus na cleachtais sin a bhunaigh an Phríomh-Oifig Staidrimh chun a cuid oibleagáidí faoin gCód Cleachtais a chomhlíonadh.

Málta: I Málta, shínigh an Príomh-Aire an Gealltanas an 17 Bealtaine 2018[21]. Mar a leagadh amach freisin sa tuarascáil a sheol Oifig Náisiúnta Staidrimh Mhálta chuig Eurostat, ó shin i leith lean an rialtas de bheith ag cloí go hiomlán le prionsabal an neamhspleáchais ghairmiúil atá ag Oifig Náisiúnta Staidrimh Mhálta. Thairis sin, chun a neamhspleáchas a neartú a thuilleadh i gcomhréir leis an nGealltanas, tá Oifig Náisiúnta Staidrimh Mhálta ag obair ar acht nua lena n-aisghairfear an tAcht um Údarás Staidrimh Mhálta atá ann faoi láthair. Is é is aidhm do na hathruithe go léir atá á mbeartú próisis staidrimh a chuíchóiriú chun táirgeadh staidrimh a dhéanamh níos láidre, níos éifeachtúla, níos trédhearcaí agus níos tráthúla.

An Rómáin: Ghlac rialtas na Rómáine Gealltanas na Rómáine maidir le Muinín ag an gcruinniú a bhí aige an 9 Meitheamh 2017[22]. Mar a míníodh sa tuarascáil a sheol Institiúid Náisiúnta Staidrimh na Rómáine chuig Eurostat, feabhsaíodh tuarastail fhostaithe an chórais staidrimh náisiúnta agus tá muinín maidir le staidreamh á chothú ag an idirphlé leis na príomhpháirtithe leasmhara.

An tSlóivéin: Ghlac rialtas na Slóivéine an Gealltanas an 5 Eanáir 2017[23]. Foilsíodh é ina dhiaidh sin, mar aon le hachoimre chomhfhreagrach an tsaoránaigh ar shuíomh gréasáin na

[18] Gealltanas maidir le Muinín rialtas na Gréige.
[19] Gealltanas maidir le Muinín rialtas na hÍoslainne(ar fáil in Íoslainnis).
[20] Gealltanas maidir le Muinín rialtas na hÉireann(ar fáil i mBéarla amháin).
[21] Gealltanas maidir le Muinín rialtas Mhálta(ar fáil i mBéarla amháin).
[22] Gealltanas maidir le Muinín rialtas na Rómáine (ar fáil i Rómáinis amháin).
[23] Gealltanas maidir le Muinín rialtas na Slóivéine(ar fáil i mBéarla agus i Slóivéinis).

hOifige Staidrimh. Níor áiríodh tuilleadh forbairtí i ndáil leis sin sa tuarascáil a seoladh chuig Eurostat.

An tSualainn: Cuireadh an Gealltanas i láthair i mbille buiséid Rialtas na Sualainne do 2017.[24] Ina dhiaidh sin, foilsíodh é freisin ar shuíomh gréasáin Oifig Staidrimh na Sualainne Thairis sin, tuairiscítear in Oifig Staidrimh na Sualainne gach bliain ar riachtanais cháilíochta i staidreamh. Mar a léirítear sa tuarascáil a sheol Oifig Staidrimh na Sualainne chuig Eurostat, tá na torthaí dearfach den chuid is mó sa tréimhse thuairiscithe reatha agus sainaithníodh roinnt réimsí inar féidir tuilleadh feabhais a dhéanamh.

Is fiú a lua freisin gur ghlac 3 thír is iarrthóirí Gealltanais go foirmiúil cé go bhfuil siad lasmuigh de CSE: **An Albáin** an 10 Samhain 2017, **Montainéagró** an 22 Feabhra 2018 agus **an Mhacadóin Thuaidh** an 17 Deireadh Fómhair 2018.

Ina theannta sin, cuireadh an Coimisiún ar an eolas faoi na forbairtí seo a leanas a tharla lasmuigh den tréimhse thuairiscithe reatha:

Lichtinstéin: Mar a cuireadh in iúl freisin sa tuarascáil a sheol an tÚdarás Staidrimh chuig Eurostat, dheimhnigh rialtas Lichtinstéin an 27 Feabhra 2024 a ghealltanas maidir le staidreamh neamhspleách iontaofa a chosaint, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 223/2009[25]. Gheall an rialtas an méid seo a leanas a áirithiú: (i) neamhspleáchas an Údaráis Staidrimh; (ii) cáilíocht an staidrimh oifigiúil trí chaighdeáin idirnáisiúnta agus Eorpacha maidir le sonraí staidrimh a chur chun feidhme; agus (iii) go gcuirfear acmhainní leordhóthanacha agus buana ar fáil chun cáilíocht agus ábharthacht an staidrimh oifigiúil a áirithiú. Ina theannta sin, gheall an rialtas rochtain a thabhairt d'údaráis staidrimh ar shonraí riaracháin agus cearta na bhfreagróirí agus rúndacht staidrimh a áirithiú.

An Eilvéis: Thuairiscigh an Oifig Staidrimh Cónaidhme do Eurostat gur ghlac agus gur fhoilsigh Comhairle Cónaidhme na hEilvéise clár staidrimh phoiblí an rialtais cónaidhme an 24 Eanáir 2024 do na blianta atá le teacht (2024-2027). Tugtar forléargas sa tuarascáil ar na cuspóirí staidrimh, na tosaíochtaí agus na gníomhaíochtaí agus áirítear inti an Gealltanas[26]. Sa Ghealltanas, deimhníonn an rialtas go bhfuil sé d'aidhm aige: (i) cloí leis na prionsabail idirnáisiúnta maidir le staidreamh oifigiúil a bhailiú, a thiomsú agus a scaipeadh; (ii) neamhspleáchas gairmiúil na hOifige Staidrimh Cónaidhme agus na n-údarás náisiúnta eile a dheimhniú; (iii) tacú le hOifig Staidrimh Cónaidhme agus leis na húdaráis náisiúnta eile na bearta is gá a dhéanamh chun comhlíonadh an Chóid Cleachtais a áirithiú; agus (iv) an córas staidrimh cónaidhme a fhorbairt a thuilleadh faoi cheannaireacht na hOifige Staidrimh Cónaidhme.

3. CONCLÚID

Mar a shonraítear i Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 maidir le staidreamh Eorpach, cuidíonn na Gealltanais le muinín an phobail as staidreamh Eorpach a áirithiú agus lena n-áirithiú go ndéanfar dul chun cinn i gcur chun feidhme na bprionsabail staidrimh atá sa Chód Cleachtais.

Tá méadú ag teacht ar an líon tíortha a bhfuil Gealltanais aonair á bhfoilsiú acu. Is díol sásaimh don Choimisiún an treocht seo agus tacaíonn sé go hiomlán léi. Measann go leor

[24] Gealltanas maidir le Muinín rialtas na Sualainne. Foilsithe i mBéarla i dTuarascáil bhliantúil 2017 **maidir le Staidreamh Oifigiúil na Sualainne.**

[25] Gealltanas maidir le Muinín rialtas Lichtinstéin.

[26] An clár, lena n-áirítear an Gealltanas maidir le Muinín rialtas cónaidhme na hEilvéise.

Ballstát gur Gealltanas atá ina ndlí náisiúnta, agus sna forálacha sonracha atá ann cheana. I ndáil leis sin, thuairiscigh roinnt Ballstát gur neartaigh a ndlí náisiúnta faoi seach ról a n-institiúide staidrimh náisiúnta mar údarás lárnach staidrimh. Is gá faireachán buan a dhéanamh ar fhorbairtí ábhartha agus oiriúnú d'ionchais agus riachtanais athraitheacha na n-úsáideoirí chun muinín an phobail as staidreamh agus ceanglais cháilíochta i staidreamh a chomhlíonadh.

Cuireann institiúidí staidrimh náisiúnta modhanna éagsúla bainistíochta cáilíochta agus tomhais feidhmíochta chun feidhme. Deimhníodh le linn na tréimhse tuairiscithe reatha go bhfuil meastóireachtaí seachtracha fíor-riachtanach chun measúnú oibiachtúil a dhéanamh ar fheidhmíocht institiúidí staidrimh. Is príomhionstraim i gcónaí iad athbhreithnithe piaraí i ndáil leis sin. Soláthraíonn siad léargais luachmhara a bhaineann le muinín as staidreamh ó pháirtithe leasmhara seachtracha a bhfuil eolas agus taithí ábhartha acu sa réimse.

Tá sé ríthábhachtach muinín an phobail as staidreamh oifigiúil a choinneáil ar bun ar mhaithe le hábharthacht agus creidiúnacht CSE ina iomláine. Cuidíonn sé freisin leis an Aontas Eorpach agus le rialtais na mBallstát freagairt do na dúshláin mhóra atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo trí úsáid a bhaint as modhanna atá bunaithe ar shonraí agus ar fhíorais oibiachtúla, rud atá mar bhonn taca faoi dhlisteanacht dhaonlathach na gcinntí beartais. Déanann an Coimisiún obair leantach ar chásanna ina dteipeann ar rialtais neamhspleáchas gairmiúil a nInstitiúidí Staidrimh Náisiúnta faoi seach a áirithiú, mar shampla trí leasú a dhéanamh ar an dlí náisiúnta ar bhealach a gcuireann comhlíontacht phrionsabal an neamhspleáchais ghairmiúil in amhras , nó trí Cheann na hInstitiúide a chur as oifig roimh dheireadh an tsainordaithe nó gan bonn soiléir a bheith leis. Leanfaidh an Coimisiún d'fhaireachán a dhéanamh ar fhorbairtí ábhartha agus cuideoidh sé leis na Ballstáit a n-uaillmhian a bhaint amach maidir le hiontaoibh agus muinín an phobail as staidreamh a choinneáil ar bun agus a fheabhsú.